Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 6 Márta 2024
(OR. en)

6511/24
ADD 1

LIMITE

ENER 68
ATO 5
POLCOM 50
FDI 12
SERVICES 13

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh<br>- Comhaontú i bprionsabal<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa<br>= *Ráiteas ón Eastóin* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo ráiteas ón Eastóin maidir leis an ábhar thuasluaite.

PUBLIC

**Ráiteas ón Eastóin**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh**

*- Comhaontú i bprionsabal*

*- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa*

Gan dochar dá seasamh deiridh tráth a glacadh an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle mar gheall ar chomhairliúcháin náisiúnta leanúnacha, dearbhaíonn an Eastóin gur thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh mar a leagtar amach in 6509/24 é.

Tacaíonn an Eastóin leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh, arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.